CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 15 Feabhra 2023

Comhaontas Domhanda an Aontais um an Athrú Aeráide – Níor baineadh amach an méid a beartaíodh

- ***Chuir an tAontas cistiú iomlán €729 milliún ar fáil chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha a ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh***
- ***Ní raibh an tionscnamh dírithe go leordhóthanach ar riachtanais na ndaoine ba leochailí***

Sheol an tAontas an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide in 2007 chun tacú le tíortha bochta i mbéal forbartha an t-athrú aeráide a fhreagairt, ach níor chomhlíon an Comhaontas a ngealltanais. Is í sin an teachtaireacht atá le baint as tuarascáil nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a foilsíodh inniu. Fuair na hiniúchóirí amach gur beag fianaise a bhí ann a thug le fios gur mhéadaigh an tionscadal athléimneacht tíortha in aghaidh an athraithe aeráide. Ó thaobh na héifeachtúlachta de, rinne gníomhartha a cuireadh i gcrích a n-aschuir a sholáthar tríd is tríd, ach bhí costas ard ag gabháil leis sin uaireanta.

'Fuaireamar go raibh tionchar an Chomhaontais Dhomhanda um an Athrú Aeráide níos lú ná mar a rabhthas ag tnúth leis, agus nach raibh an t-aistriú a rabhthas ag dréim leis ó fhothú acmhainneachta go gníomhartha níos nithiúla, lena dtabharfaí tacaíocht dhíreach don phobal, déanta go sistéimeach', a dúirt Hannu Takkula, an Comhalta den Chúirt a stiúir an t-iniúchadh. *'Measaimid gur cheart don Choimisiún díriú isteach orthu siúd is mó a ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh, agus na ceachtanna a fhoghlaimíodh a ionchorprú i ngníomhartha a bhaineann leis an athrú aeráide agus tioncnaimh cabhrach amach anseo araon.'*

Bhunaigh an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide a chur chuige ar dhá cholún: idirphlé agus comhroinnt eolais a chothú, agus tacaíocht theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil le haghaidh bearta chun oiriúnú don athrú aeráide, maolú ar an athrú aeráide agus rioscaí tubaiste a laghdú.

Fuair na hiniúchóirí amach nár thomhais an tionscnamh feabhsuithe ar staideanna na dtairbhithe, ná níor dhírigh sé a dhóthain ar riachtanais na ndaoine sin is mó a ndéantar difear dóibh. Níor shroich an chabhair na faighteoirí leochaileacha a bhí i gceist léi i gcónaí: mar shampla, níor chuir ach corghníomhartha gníomhaíochtaí a thug aghaidh ar riachtanais na mban go sonrach san áireamh, agus bhí roinnt gníomhaíochtaí eile thar acmhainn na líonta tí ba bhoichte. D'fhéadfaí

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

uas-scálú a dhéanamh freisin ar ghníomhartha píolótacha rathúla chun ligean do níos mó daoine tairbhe a bhaint astu.

I gcaitheamh iomlán a saolré, níor mheall an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide an cistiú breise ó na Ballstáit ná ón earnáil phríobháideach a rabhthas ag súil leis. In ainneoin na bearna suntasaí seo sa mhaoiniú, ní dhearna an Coimisiún athbhreithniú riamh ar a chuspóirí uaillmhianacha tosaigh. Ar a bharr sin, sa dara céim (an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide Plus, 2014-2020), leithdháileadh níos lú tacaíochta do na tíortha ba leochailí mar gheall ar na critéir a d'úsáid an Coimisiún chun airgead a leithdháileadh go comhréireach.

Ní dhearna an Coimisiún anailís leordhóthanach ar a réasúnaí a bhí costais bhuiséadaithe fhormhór na ngníomhartha a scrúdaigh na hiniúchóirí. Mar shampla, bhí an-éagsúlacht ag baint le costais bhainistíochta na ngníomhartha, agus bhí na costais sin an-ard i réigiún an Aigéin Chiúin. Tagann na hiniúchóirí ar an gconclúid go bhféadfaí airgead a choigilt dá mbeadh anailís níos mionsonraithe déanta ar na costais.

Bhí fadhb ag baint le feasacht agus infheictheacht freisin. Cé gur thacaigh an tionscnamh le níos mó ná 80 tír, ní raibh an méid sin eolais faoi i measc na dtíortha i mbéal forbartha, ná san Aontas. Cúis amháin leis sin is ea nárbh fhéidir na gníomhartha a cistíodh a idirdhealú go soiléir ó ghníomhartha eile de chuid an Aontais a bhí ag tabhairt aghaidh ar an athrú aeráide i dtíortha i mbéal forbartha. Bhí eagrú an tionscnaimh chomh casta sin gur baineadh dá éifeachtúlacht freisin, go háirithe ó thaobh dúbailt saoráidí tacaíochta agus sreabha cistiúcháin.

Faisnéis chúlra

Ní raibh a líne bhuiséid dá chuid féin ag tionscnamh an Chomhaontais Dhomhanda um an Athrú Aeráide i gcóras cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, ach cistíodh é tríd an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt agus an Ciste Eorpach Forbraíochta. Ba é €728.8 milliún an cistiú iomlán a leithdháileadh ar an tionscnamh, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó Bhallstáit an Aontais: €308.8 milliún do chéim a haon (2007-2013) agus €420 milliún do chéim a dó, an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide Plus (2014-2020).

In 2020, chinn an Coimisiún gan leanúint ar aghaidh le céim eile den tionscnamh. I dtréimhse 2021-2027, beidh gníomhartha a théann i ngleic leis an athrú aeráide sna tíortha i mbéal forbartha á gcistiú ag an gCoimisiún trí thacaíocht théamach agus gheografach faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

Tuarascáil speisialta 04/2023: *'An Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide Plus'*, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502